

## Costais aistriúcháin

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi chostais aistriúcháin i gComhairle Contae Dhún na nGall. Féach ar na focail thíos sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc. An bhfuil leagan Gaeilge na bhfocal sin ar eolas agat? Mura bhfuil, pléigh an stór focal leis an duine in aice leat.

- *councillor*
- *independent*
- *workshop*
- *was elected*
- *simultaneously*
- *refer to*
- *nonsense*
- *respect*
- *minutes (of meeting)*
- *municipal area*



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council

Féachaigí ar an mír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

### Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus scríobh amach achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

### Ceist 3

Cúrsaí canúna

1. Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin agus ag Micheál Cholm Mac Giolla Easpuig?
2. An bhfuil cur amach agat ar an gcanúint sin? Míneigh.
3. Cén leagan de na focail/frásaí seo a leanas a bhí le cloisteáil sa mhír – uile; seo caite; go mór; ní hé; laistigh agus tuiscint?
4. ‘Ar an **cheardlann**’ – cad is féidir leat a rá faoin séimhiú sa sampla sin?

### Ceist 4

‘... tuigtear ...’ agus ‘...aistrítear...’

1. Cén ghné den Ghaeilge atá i gceist sna samplaí thuas?
2. Bain úsáid as na briathra seo thíos chun na rialacha a bhaineann leis an ngné sin a léiriú:
  - *dún*
  - *ceannaigh*
  - *aimsigh*
  - *cuir*

**Ceist 5** ‘...ar mhaithe le...’

Tá a lán samplaí den séimhiú tar éis réamhfocal simplí sa mhír. Éist go cruinn leis an tuairisc arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú.

**Ceist 6** Deir Micheál Cholm Mac Giolla Easpuig nach bhfuil tuiscint, meas ná grá don Ghaeilge ag go leor daoine taobh istigh den Chomhairle Contae.

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth nach mbeadh meas ag duine ar an nGaeilge, dar leat?
2. An gceapann tú gur ceart gach ní a deir Micheál Cholm Mac Giolla Easpuig sa Chomhairle Contae a aistriú go Béarla? Cén fáth?
3. Cé acu is tábhachtaí chun an Ghaeilge a choinneáil beo sa tír – tuiscint, meas nó grá? Mínigh.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

*councillor – comhairleoir*  
*independent – neamhspleách*  
*workshop – ceardlann*  
*was elected – toghadh*  
*simultaneously – go comhuaineach*  
*refer to – tagair do*  
*nonsense – amaidí*  
*respect – meas*  
*minutes (of meeting) – miontuairiscí*  
*municipal area – ceantar bardais*

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

1. Canúint Uladh.
2. Tuairimíocht.
3. Uile - uilig; seo caite – seo a chuaigh thart; go mór – cuid mhór; ní hé – chan é; laistigh – taobh istigh agus tuiscint – tuigbheáil.
4. Is é an tuiséal tabharthach é. Nuair a leanann ainmfhocal réamhfhocal simplí agus an t-alt, séimhítear é i gCanúint Uladh; uraítear é sna canúintí eile.

### Ceist 4

An briathar saor san aimsir láithreach.

**Dún** – dúntar, ní dhúntar, an ndúntar?

**Ceannaigh** – ceannaítear, ní cheannaítear, an gceannaítear?

**Aimsigh** – aimsítear, ní aimsítear, an aimsítear?

**Cuir** – cuirtear, ní chuirtear, an gcuirtear?

### Ceist 5

ar mhaithe le  
faoi chúrsaí  
de chuid  
do Chomhairle Contae  
do chomhairleoirí  
do cheardlann  
faoi bhuiséad  
ar mhaithe le  
ó chomhairleoirí  
ar choistí

### Ceist 6

Cuir triúr nó ceathrar ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

### **Siún Nic Gearailt**

Deir an Comhairleoir Neamhspleách, Micheál Cholm Mac Giolla Easpuig, gur iarr comhairleoir eile air gan Gaolainn<sup>1</sup> a labhairt ag ceardlann Dé hAoine seo caite, ar mhaithe le costas aistriúcháin a shábháil. Ceardlann ar líne faoi chúrsaí buiséid i gceantar na nGleanntach de chuid na Comhairle a bhí i gceist agus tuigtear do *Nuacht* go raibh seirbhís aistriúcháin ar fáil ann. Deir an Comhairleoir Mac Giolla Easpuig gur cheart go mbeadh an tseirbhís seo ar fáil ag gach cruinniú.

### **Ailbhe Ó Monacháin**

Ó toghadh Micheál Cholm Mac Giolla Easpuig ina Chomhairleoir Neamhspleách do Chomhairle Contae Dhún na nGall in 2014, deir sé gur Gaeilge uilig a labhraíonn sé, ní hamháin ag na príomhchruinnithe ach ag cruinnithe beaga agus ceardlanna. Aistrítear a chuid cainte go comhuaineach do chomhairleoirí nach bhfuil Gaeilge acu. Dúirt an Comhairleoir Micheál Cholm Mac Giolla Easpuig nach mbíonn an tseirbhís ar fáil ag gach cruinniú. Thagair sé do cheardlann ar líne faoi bhuiséad na comhairle Dé hAoine seo a chuaigh thart, agus deir sé gur iarr comhairleoir eile air gan Gaeilge a labhairt ar mhaithe le costas aistriúcháin a shábháil.

### **An Comhairleoir Micheál Cholm Mac Giolla Easpuig, Neamhspleách, Comhairle Contae Dhún na nGall**

Cuireann sin isteach ormsa cuid mhór, mar le cúpla bliain tá mise ag éisteacht leis an amaidí seo. Chan é *just* ó chomhairleoirí *but* ó oifigigh agus daoine atá ar choistí taobh istigh den Chomhairle Contae, nach bhfuil tuigbheáil<sup>2</sup>, meas nó grá ar bith acu don teanga.

### **Ailbhe Ó Monacháin**

D'fhiosraigh Nuacht leis an Chomhairle an raibh miontuairiscí ar fáil don cheardlann seo. Tugadh le fios dúinn, nach cruinniú poiblí a bhí ann ach go raibh aistriúchán comhuaineach ar fáil ann. Dúirt siad go dtabharfar tuairisc ar an cheardlann don chéad chruinniú eile den cheantar bardais ag deireadh na míosa.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, Contae Dhún na nGall.

---

<sup>1</sup> *Gaeilge* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> *tuiscint* an leagan caighdeánach